# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 4

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** an 16 Eanáir 2025

**Am:** 11.00r.n. go 3.30i.n.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Aiseolas ar struchtúir ó Chruinniú 3** | Rinne an Feidhmeannas achoimre ar an aiseolas ón gcruinniú deireanach agus leag sé pleananna amach maidir le comhtháthú an aiseolais i dtascanna grúpa. Míníodh an úsáid a bhaintear as córais sholúbtha churaclaim, amhail snáitheanna aontaitheacha agus tascanna foghlama feidhmí, agus béim leagtha ar ailíniú na gcóras sin le measúnuithe. Cuireadh imní in iúl maidir le leibhéal an mheasúnaithe agus tascanna foghlama feidhmí, an chomhpháirt scríofa agus an chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis, san áireamh. Ina theannta sin, luadh go ndéanfaí athbhreithniú ar réasúnaíocht agus aidhmeanna an chláir le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a chinntiú. |
| **Cur i Láthair ar Thorthaí Foghlama a Dhearadh** | Thug an Feidhmeannas cur i láthair ar thorthaí foghlama a dhearadh, agus béim á leagan ar ailíniú leis an CNC, ar an tsoiléireacht, ar an ábharthacht, agus ar an gcomhoibriú. Tarraingíodh aird ar úsáid na mbriathra gnímh agus ar thacsanomaíocht Bloom, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cur chuige cothrom a choinneáil le gaistí comónta a sheachaint, amhail torthaí foghlama iomarcacha nó róchasta a chruthú. |
| **Obair Ghrúpa** | Chuir an Feidhmeannas gníomhaíocht tobsmaointeoireachta ar thorthaí foghlama i láthair, ag cur in iúl go mbeadh athbhreithniú á déanamh ar an struchtúr sa chéad chruinniú eile. Leagadh béim sa phlé ar a tábhachtaí is atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir sainiúlacht agus solúbthacht, agus srianta ama á gcur san áireamh, chomh maith le cur chuige comhtháite a chur chun cinn maidir le torthaí foghlama a fhorbairt. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh |

| | |
|---|---|
| | ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: an 13 Feabhra 2025** |